Athbhreithniú an Chathaoirligh

Tadhg O'Donoghue

De réir fhorálacha an Achta Leictreachais (Soláthar) 1927 (arna leasú) cuireann an Bord an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais Bhliantúla don bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2005 i láthair.

Toradh an tSaothair sa Bhliain 2005

Bliain faoi bhláth a bhí sa bhliain 2005 do BSL.

Bhain stáisiúin cumhachta BSL an sprioc de 83% maidir le monarchana a bheith ar fáil amach a bheag nó a mhór. Tá fadhbanna tosaigh suntasacha ag an dá stáisiún nua móna, Loch Rí a choimisiúnaíodh go mall i 2004 agus Uíbh Fháilí Thiar a choimisiúnaíodh go luath i 2005, ach tá mé muiníneach as iad seo a bheith réitithe chun go mbeidh na stáisiúin ag déanamh lán-ionchuir roimh thús an Gheimhridh seo chugainn. Is den riachtanas go ndéanfaí infheistíocht sheasta, leanúnach sa phunann gineadóireachta, lena n-áirítear stáisiúin nua in áit na stáisiún is sine, má táthar chun spriocanna soláthair ríthábhachtacha a bhaint amach.

Thug Gréasáin BSL obair athnuachana chun críche ar 16,000 ciliméar eile den ghréasán meánvoltais ar fud na tíre sa bhliain 2005. Táthar ag teacht leis an sceideal chun an clár seo, lena mbaineann athnuachan ar an 75,000 ciliméadar uilig den ghréasán meánvoltais, a thabhairt chun críche i rith na bliana 2006. Tá infheistíocht de €3.3 billiún in iomláine déanta ag Gréasáin BSL san infrastruchtúr tarchuradóireachta agus dáiliúcháin ón mbliain 2000 i leith – ceann de na cláir infheistíocht chaipitil is fairsinge i stair an stáit.

D'fhéach ESB International le forás a bhaint amach i margaí eile i rith na bliana 2005 d'fhonn cúiteamh don titim i sciar an mhargaidh in Éirinn. Tugadh an obair thógála ar mhonarcha timthriallta comhcheangailte 800MW sa Spáinn agus ar mhonarcha timthriallta comhcheangailte 400MW i dTuaisceart Éireann chun críche i rith na bliana 2005. Táthar ag tabhairt go gníomhach faoi thograí folaigh eile.

D'fhéach Soláthar don Chustaiméir BSL ar feadh na bliana 2005 le feabhas a chur ar an gcaidreamh leis an 1.9 custaiméir atá aige agus le feabhas a chur chomh maith ar thráthúlacht na bhfreagraí ar fhiosrúcháin de chuid na gcustaiméirí.

I rith na bliana 2005, dúnadh na doirse den uair dheireanach in ESB Retail a mbíodh 120 siopa á reáchtáil ar fud na tíre aige nuair a bhí sé i mbarr a réime. Ghlac Bank of Scotland (Ireland) an chuid is mó de na háitribh siopa ar láimh le beart lenar tugadh an luach ab airde do BSL agus lenar tairgíodh deiseanna mhalairt fostaíochta d'fhoireann ESB Retail sa bhanc sin nó taobh istigh de BSL. Is mian liom dúthracht leanúnach na mblianta maidir le seirbhís don chustaiméir i bpobail áitiúla ar fud na tíre a thraoslú le foireann ESB Retail.

Feidhmíocht Airgeadais 2005

Brabúsacht

Tháinig ardú de €84 milliún go dtí €241 milliún ar bhrabús tar éis cánachais an Ghrúpa. Tá an Bord ag moladh díbhinn chríochnaitheach de 30% den bhrabús indáilte, céatadán is ionann agus díbhinn de €72.4 milliún in iomláine nó 3.66 cent in aghaidh an aonad stoic.

Ré Athraitheach

Lean próiseas an athraithe i dtionscal an leictreachais in Éirinn ar aghaidh i rith na bliana 2005 leis an oscailt iomlán ar an margadh. Is féidir le gach úsáideoir leictreachais, an custaiméir tís san áireamh, a rogha soláthraí leictreachais a phiocadh anois. Thit sciar Sholáthar an Chustaiméara BSL sa mhargadh iomaíoch seo 6% eile i rith na bliana 2005 go dtí 58%.

Géarófar ar an iomaíocht le tabhairt isteach an Mhargadh Uile-Oileáin atá beartaithe don bhliain 2007. Feictear go dtitfidh sciar BSL den mhargadh go dtí 50% leis sin agus sciar BSL de mhargadh na gineadóireachta faoi 35%. Tráth is faide anonn, is dócha go bhfuil margadh uile-oileán (Oileán na Breataine agus Oileán na hÉireann) i ndán chomh maith le margadh slán na hEorpa uile.

Ardú praghsanna

D'ardaigh praghsanna an leictreachais 3.5% ar an meán i rith na bliana 2005. Tá costais breosla os cionn 50% dár gcostais Ghineadóireacht Cumhachta agus mar sin cuireann boilsciú praghas breosla brú an-mhór ar phraghsanna leictreachais.

Rialachas Corparáide

Tá Bord agus foireann BSL dúthrachtach maidir le gnó a dhéanamh de réir eitice agus na freagrachta sóisialta. I gcás an Bhoird tagann cloí leis na caighdeáin is airde maidir le rialachas corparáide agus le hionracas agus neamhspleáchas i bpróiseas an Bhoird i gceist leis sin.

An Bord, na Scairsealbhóirí agus an Fhoireann

D'éirigh Joe LaCumbre as bheith ina chomhalta den Bhord go luath sa bhliain 2006 tar éis os cionn 21 bliain a chaitheamh ina chomhalta boird oibrí. Ba mhaith liom séan agus só a ghuí ar Joe i rith a thréimhse scoir tar éis na tréimhse fada fónaimh sin. Ceapadh Séamus Mallon ar an mBord ar an 21 Feabhra 2006. Is mian liom fáilte a chur roimh Shéamas ar an mBord.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus lena gcuid oifigigh sa dá Roinn as an gcúnamh leanúnach i rith na bliana. Ba mhaith liom chomh maith cion oibre mo chuid comhghleacaithe comhaltaí Boird i rith na bliana 2005 a admháil. Déanaim gairdeas leis an mbainistíocht agus leis an bhfoireann a bhain amach go leor agus iad ag tabhairt clár oibre uaillmhianach i gcrích i rith na bliana 2005.

Tadhg O'Donoghue
Cathaoirleach
18 Bealtaine 2006